C/2025/3175

5.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12012 — MADISON DEARBORN PARTNERS / SCHOELLER GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3175)

1. An 26 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Intelligent Packaging Sub Limited Partnership ('IPL Máthairchuideachta' in éineacht lena fhochuideachtaí, 'IPL', Ceanada), arna rialú ag Madison Dearborn Partners, LLC ('MDP', na Stáit Aontaithe),

— Schoeller Packaging B.V. (an Ísiltír), Schoeller Rental B.V. (an Ísiltír) agus Schoeller Allibert GmbH (an Ghearmáin) (le chéile, 'Schoeller Group') arna rialú cistí atá á mbainistiú agus/ nó ar a gcuirtear comhairle ar fáil ina leith ag Brookfiled Corporation agus/ nó a chleamhnaithe (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh MDP rialú aonair ar Schoeller Group ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é MDP atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus a dhíríonn ar infheistíochtaí i mbuntionscail, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíocht agus rialtas, ar fud an domhain,

— Is monaróir Eorpach é Schoeller Group a mhonaraíonn pacáistíocht phlaisteach in-aischurtha a úsáidtear chun ábhar a láimhseáil. Cuireann Schoeller Group raon réitigh phacáistíocht plaistí in-aischurtha ar fáil lena n-áirítear coimeádáin infhillte, cliathbhoscaí agus tráidirí deochanna, boscaí láimhe agus pailéid. Áirítear lena chustaiméirí iad siúd atá gníomhach san earnáil mótarfheithiclí, in earnáil an bhia agus na dí, in earnáil na déantúsaíochta tionsclaíche, san earnáil chomhthiomsaithe agus san earnáil mhiondíola ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12012 — MADISON DEARBORN PARTNERS / SCHOELLER GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË